

# Anocht



## Íde ag caint:

Beidh an tae agam ar a sé a chlog. Ansin cuideoidh mé le mo Mhamaí. Nífidh mé na gréithe. Déanfaidh mé na ceachtanna ar a seacht a chlog. Osclóidh mé mo mhála scoile. Tógfaidh mé amach na leabhair. Beidh mé ag foghlaim go dtí a hocht a chlog. Léifidh mé leabhar scéalta ar feadh tamaill. Ar leathuair tar éis a naoi déarfaidh mé mo phaidreacha. Rachaidh mé a chodladh ansin.

## A. Líon isteach na bearnaí:

cuid— —idh mé, ní—idh mé, ceach—an—a, os—lói—h mé, ag fo—hla—m, lea—huair, ra—ha—dh, mo phai—re—cha.

#### **B.** Líon isteach na bearnaí:

- 1. Beidh agam ar a sé a chlog.
- 2. mé na gréithe.
- 3. Léifidh mé scéalta ar feadh —.
- 4. Ar tar éis a naoi déarfaidh mé mo —.
- 5. Rachaidh mé a ansin.

#### C. Déan abairtí díobh seo:

- 1. na gréithe, nífidh, mé.
- 2. go dtí, ag foghlaim, beidh mé, a hocht a chlog.
- 3. ansin, rachaidh, a chodladh, mé.

#### D. Freagair na ceisteanna:

- 1. Cathain a bheidh an tae agam?
- 2. Cad a nífidh mé?
- 3. Céard a dhéanfaidh mé ar a seacht a chlog?
- 4. Cad a thógfaidh mé amach as an mála scoile?
- 5. Céard a dhéanfaidh mé ar leathuair tar éis a naoi?
- 6. Cathain a rachaidh mé a chodladh?

## **Gramadach 23**

(i) Foghlaim: Tógfaidh mé Tógfaidh sé Tógfaidh tú Tógfaidh sí

#### Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Osclóidh Tomás an mála agus tógfaidh sé amach leabhar.

- 1. Osclóidh tú do mhála agus amach leabhar.
- 2. Osclóidh Úna a mála agus — amach leabhar.
- 3. Osclóidh mé mo mhála agus — amach leabhar.

(ii)	Foghlaim:	Léifidh mé	Nífidh mé	Déanfaidh mé
	0	Léifidh tú	Nífidh tú	Déanfaidh tú
		Léifidh sé	Nífidh sé	Déanfaidh sé
		Léifidh sí	Nífidh sí	Déanfaidh sí

#### Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Nuair a bheidh an dinnéar thart nífidh mé na gréithe.

- 1. Nuair a bheidh an dinnéar ite ag Seán — na gréithe.
- 2. Tógfaidh mé amach na leabhair agus mo cheachtanna.
- 3. Tógfaidh Íde amach na leabhair agus — a ceachtanna.
- 4. Osclóidh Tomás a leabhar agus — leathanach.
- 5. Osclóidh tú do leabhar agus — leathanach.